




CUMAS EISCEACHTÚIL

Not every child has an equal talent ... but they should have the equal right to develop their talent and ... to make something of themselves.

Aitheasc Chearta Sibhialta John F. Kennedy tugtha ar 11 Meitheamh 1963 agus ar fáil ar an National Association for Gifted Children (SAM) <http://www.nagc.org/>





Cumas Eisceachtúil

San Acht Oideachais, 1998, déanann sé foráil chun oideachas a chur ar fáil do gach dalta, ina measc, daltaí a bhfuil míchumas orthu nó a bhfuil riachtanas speisialta oideachais eile acu. Tá sainmhíniú ar 'riachtanais speisialta oideachais' san Acht, mar atá, riachtanais daltaí atá faoi míchumas agus riachtanais oideachais daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil acu. San Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, ní dhéanann sé tagairt go sainráite do riachtanais mar sin. Níl sainmhíniú aonair comhaontaithe idirnáisiúnta ann ar 'chumas eisceachtúil'. Baintear úsáid as roinnt téarmaí ar bhealach idirmhalartach sa litríocht, ina measc, tá 'tréitheach', 'ilchumasach', 'cumas eisceachtúil' agus 'eisceachtúil'.

I dTuarascáil an Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (CAOS) (1993, lch. 16) is é an sainmhíniú atá ar dhaltaí tréitheacha nó ar dhaltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu ná daltaí ar éirigh leo feidhmíocht ard a bhaint amach i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- cumas ginearálta intleachta
- inniúlacht acadúil ar leith
- smaointeoireacht chruthaitheach nó tháirgiúil
- cumas ceannasaíochta
- amharcealaíona agus taibh-ealaíona
- inniúlacht mheicniúil
- cumas sícealuailé (m.sh. lúthchleasaíocht, gleacaíocht)

Léiríonn dalta 'tréitheach' cumas eisceachtúil i réimse amháin nó níos mó (m.sh. sa réimse matamaiticiúil, briathartha, spásúil, ceolmhar, ealaíonta, srl.) agus is sainmhíniú infheidhme é seo ar 'thréitheach', a nglactar leis ar fud an domhain i measc lucht oideachais agus síceolaíochta. Is deacra sainmhíniú a thabhairt ar an téarma 'eisceachtúil' toisc go n-oibríonn ábaltachtaí an ghrúpa seo i gcontanam, agus dá bharr sin, is deacair pointe scoite cruinn a aithint. Deir Tuarascáil an CAOS gur treallach an cinneadh é glacadh le méid cumais nó feidhmíochta ar leith mar chritéir le duine a luadh mar dhuine 'tréitheach' nó mar dhuine a bhfuil 'cumas eisceachtúil' ann.

Bíonn sé de nós an téarma 'tréitheach' a choinneáil dóibh siúd a mbíonn SI (Sainuimhir Intleachta) os cionn 130 acu i scrúduithe SI caighdeánaithe, .i. an 2% is fearr den daonra. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh, cé go laghdaíonn líon na ndaltaí de réir mar a bhaintear amach scóir SI de 170 agus os a chionn, éiríonn a gcuid riachtanas níos géire. Tugann Tuarascáil an CAOS rabhadh gur bheag an toradh praiticiúil a bheadh air dá nglacfaí le pointe scoite cruinn.

I ndaltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, seans go léireoidh siad roinnt de na tréithe seo a leanas: beidh cumas géar breathnaithe acu; foghlaimíodh siad conas léamh go luath (sula bhfreastalaíonn siad ar scoil go minic); beidh siad ag léamh go tapa agus go forleathan; beidh foclóir maith acu; beidh fiosracht acu ó thaobh intleachta de; súfaidh siad eolas go tapa (deirtear go minic go bhfuil siad cosúil le spúinse); beidh cuimhne an-mhaith acu; beidh siad ábalta a n-aire uile a dhíriú ar rud ar feadh tréimhsí fada; beidh cumas an-mhaith acu i réasúnú agus i bhfadhbhréiteach; beidh



suimeanna díana acu in ábhair; agus beidh cumhachtaí samhlaíochta eisceachtúla acu. Seans go mbeidh suim mhór ag daltaí sna 'ceisteanna móra', cosúil le comhdhéanamh na cruinne agus ceisteanna comhshaoil. Seans go mbeidh daltaí an-íogair, bíonn sé éasca cur isteach orthu agus is maith leo cothrom na féinne a thabhairt do chách.

Toisc nach mbíonn gnáthobair scoile sách dúshlánach dóibh, uaireanta deir daltaí go mbaineann leadrán agus frustrachas lena gcuid ama ar scoil. Mar thoradh ar an leadrán thar tréimhse fada, seans go mbeidh tearcghnóthú i gceist agus daltaí ag teacht ar rudaí nua le bheith sáite iontu (m.sh. aislingeacht, breacaireacht, srl.). Má fhágtar cúrsaí mar seo ar feadh tréimhsí fada, seans go dtiocfaidh laghdú ar an nós atá ag daltaí díriú ar obair scoile agus seans go mbeidh sé deacair 'athfhoghlaim' a dhéanamh arís.

Seans go mbeidh baint ag tearcghnóthú le dúil rómhór san fhoirfeacht. Leagann daltaí caighdeán an-arda síos dóibh féin agus bíonn an oiread eagla orthu nach mbainfidh a gcuid oibre na caighdeán sin amach nach ndéanann siad an obair sin in aon chor, toisc go mbíonn eagla orthu faoin toradh a bheidh leis. Seans go mbeidh lagmheas ag daltaí áirithe orthu féin, rud a eascraíonn as dearcadh nach féidir leo ionchais a dtuismitheoirí agus a múinteoirí a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, i measc déagóirí agus páistí níos óige, bíonn tearcghnóthú ann toisc go mbíonn daltaí ag iarraidh a bheith ar aon dul lena gcuid piaraí agus meascadh leo.



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Bain úsáid as múineadh idirdhealaitheach: fanann na daltaí lena bpiaraí, ag obair leis an ábhar ranga céanna, ach chomh maith leis sin tá na daltaí in ann teacht ar ábhair idirdhealaitheacha a théann níos doimhne isteach san ábhar.
- Tá mian dúchais sna daltaí seo i bhfoghlaím agus tarraingíonn foghlaim bunaithe ar thionscadail ar an mian seo agus cuireann sí le spreagadh na ndaltaí. Leis an gcur chuige seo is féidir aiseolas a thabhairt go minic agus bíonn deiseanna ag daltaí foghlaim óna dtaithí. I gcomhthéacs mar seo faigheann daltaí taithí ar foghlaim chomhoibritheach lena bpiaraí, rud a chabhraíonn leo chun scileanna sóisialta a fhorbairt agus féinmheas a mhéadú. Ní gá go mbeadh deireadh le tionscadail, rud a spreagann daltaí le bheith fiosrach.
- Daltaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, seans go mbeidh siad an-chainteach sa seomra ranga. Seans go mbeidh roinnt acu ag iarraidh a bheith rannpháirteach níos minice agus plé ranga ar siúl agus gur deacair dóibh a thuiscint go mb'fhéidir nach mbeadh an t-ábhar chomh héasca céanna do dhaltaí eile. Is féidir deacrachtaí a laghdú sa réimse seo trí dhaltaí a spreagadh chun meas a bheith acu ar thuairimí agus ar smaointe daoine eile.



CUID 5: Cumas Eisceachtúil

- Spreag daltaí chun bainistíocht a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin. Iarr orthu na rudaí a rinne siad go maith i dtionscadal ar leith a mheas i gcomhthéacs na rudaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh níos fearr. Faigh amach cad iad na gnéithe a bhfuil bród ar leith acu astu. Ba chóir an bhéim a leagan ar ghnéithe éagsúla den obair a mheas, seachas ar na gráid a bhaintear amach.
- Tabhair deiseanna don dalta breithniú ar cheisteanna/fhadhbanna nach bhfuil freagraí críochnaitheacha ann dóibh.



- Cuir gníomhaíochtaí ar fáil do dhaltaí a chothóidh a n-intinn agus a chuirfidh dúshlán fúthu.(m.sh. ficheall, tráth na gceist, díospóireachtaí, drámaíocht, srl.)
- Tabhair cuireadh do chainteoirí seachtracha chun cur i láthair a dhéanamh agus bain úsáid as na topaicí chun iad a spreagadh i gcomhair oibre sa bhreis.
- Má chríochnaíonn daltaí obair go tapa ná tabhair tuilleadh den obair chéanna dóibh ar eagla go dtiocfaidh moill ar a ráta oibre ionas nach mbeidh orthu obair bhreise den chineál céanna a dhéanamh mar 'dhuais' toisc gur chríochnaigh siad a gcuid oibre go tapa. Is fearr gníomhaíochtaí sa bhreis a phleanáil, ar bhealaí nua, chun cur leis an méid atá foghlamtha acu cheana féin.



- Cruthaigh deiseanna do na daltaí chun an méid atá á fhoghlaim acu a chur in iúl ar bhealaí neamhthraidisiúnta (m.sh. cur i láthair PowerPoint, leathanaigh ghréasáin a chruthú, cumadóireacht, léirithe sa seomra ranga, taispeántais srl).
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltáí a bheith ina 'Saineolaithe ar Ábhair', más rud é gur léirigh siad tuiscint ghrinn ar ábhar/choincheap/chúram.
- Tabhair spreagadh don rang chun taispeántais scoile a chruthú agus chun cur isteach ar chomórtais i réimse/réimsí aitheanta suime na ndaltaí áirithe seo. Tugann comórtais deiseanna do na daltaí taighde a dhéanamh ar ábhair, anuas ar an méid atá ar an gcuraclam agus cabhraíonn comórtais chun forbairt a dhéanamh ar neamhspleáchas na ndaltaí seo.
- Déan an curaclam níos dlúithe agus níos casta. Leis seo a dhéanamh, scag an curaclam agus déan níos éifeachtaí é chun dúshlán a thabhairt do dhaltáí ionas go mbeidh níos mó ama acu chun dul i mbun gníomhaíochtaí a shaibhroidh an fhoghlaim agus a chuirfidh luas léi. Is gá bunlíne a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar cé mhéad den ábhar a leagtar síos atá tugtha leo ag na daltaí cheana féin agus conas clár saibhrithe a cheapadh.
- Pleanáil chun luas a chur leis an gcuraclam: bog na daltaí seo tríd an gcuraclam ag ráta níos tapúla. Seans go mbeidh ort codanna áirithe a léim, áit a mbeidh foghlaim mheasartha chruinn ag na daltaí ar an obair cheana féin, chun dul níos faide ar aghaidh.
- Spreag daltaí agus déan níos éasca dóibh é chun smaointeoireacht agus ceisteanna ardoird a dhéanamh. Spreag smaointeoireacht chriticiúil i leith an churaclaim. Lig do na daltaí téamaí, patrúin, príomhghnéithe srl. a chuardach.
- Iarr ar na daltaí bheith páirteach in eagrú gníomhaíochtaí comhchuraclaim, mar shampla, taispeántais, díolacháin cácaí, cainteoirí seachtracha, srl. Cabróidh sé seo chun forbairt a dhéanamh ar scileanna mar seo: measúnú a dhéanamh ar phríomhcheisteanna; aimsiú fíricí; féinbhainistiú; daoine eile a bhainistiú; acmhainní a bhainistiú; agus scileanna sóisialta.
- Bain úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide le cabhrú leis na daltaí seo oibriú ar ábhair ar leith ar bhealaí nua agus chun a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach feabhsaithe.
- Seans go mbainfidh na daltaí seo sásamh as a bheith ag cabhrú lena bpiaraí agus iad i mbun oibre, rud atá tábhachtach ó thaobh timpeallachtaí cuimsitheacha scoile a chruthú. Tá sé tábhachtach, áfach, gan ró-úsáid a bhaint as an straitéis seo agus ba chóir í a phlé leis na daltaí atá i gceist.
- Tabhair deiseanna chun staidéar neamhspleách a dhéanamh. Déan cinnte nach ndéantar faillí ar obair i ngrúpaí le piaraí, áfach, mar tá sé seo tábhachtach chun forbairt a dhéanamh ar scileanna sóisialta agus ar scileanna mothúchána na ndaltaí.
- Mol léitheoireacht bhreise ar ábhair roghnaithe agus/nó cuir ar fáil í.